Scéalta COVID-19

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéalta COVID-19 in Éirinn. An bhfuil Gaeilge agat ar na focail seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír?

- to curb, to control _____
- people are being reminded _____
- elderly _____
- intensive care unit _____
- cervical cancer _____
- copying, emulating _____
- memorandum _____
- jurisdiction _____
- trade unions _____
- source of hope/encouragement _____
- caution, warn _____
- dependent on _____
- surge _____

Breathnaígí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus tabhair cuntas gearr don duine in aice leat ar na scéalta thíos a bhí inti:

- Daoine scothaosta
- Aonaid dianchúraim
- An tOllamh Gabriel Scally
- An comhlacht tógála BAM
- An Dochtúir Catherine Motherway

Ceist 3 Féach ar an mír arís. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo a leanas:

- 70, 103, 107, 26

Ceist 4 '…deimhnithe...' agus '…deimhníodh…'

Féach ar na briathra seo a bhí le cloisteáil sa mhír. Cuir 1) an aidiacht bhriathartha agus 2) an saorbhriathar san aimsir chaite ar fáil de na briathra agus cuir in abairtí iad ansin. Mar shampla:

Deimhnigh
- deimhnithe

Tá sé deimhnithe go mbeidh meamram á shíniú.
- deimhníodh

Deimhníodh inniu nach raibh an obair riachtanach.

- ✓ Ceansaigh
- ✓ Faigh
- ✓ Fulaing
- ✓ Fógair
- ✓ Tabhair
- ✓ Treisigh

Ceist 5 '…riamh…'

Cuir na dobhriathra ama in abairtí lena mbrí a léiriú:

riamh
choíche
go deo
arú inné
arú amárach
seachtain ón lá inniu
coicís is an lá inné
lá arna mhárach

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

1. Conas atá córas sláinte na hÉireann i gcomparáid le tíortha eile, dar leat?
2. Conas atá Rialtas na hÉireann ag dul i ngleic leis an gcoróinvíreas i gcomparáid le tíortha eile, dar leat?
3. Cad a cheapann tú faoi na tuairimí atá ag an Dochtúir Gabriel Scally?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

to curb, to control	*a cheansú*
people are being reminded	*tá sé á mheabhrú do dhaoine*
elderly	*scothaosta*
intensive care unit	*aonad dianchúraim*
cervical cancer	*ailse ceirbheacs*
copying, emulating	*ag déanamh aithrise ar*
memorandum	*meamram*
jurisdiction	*dlínse*
trade unions	*ceardchumainn*
source of hope/encouragement	*údar misnigh*
caution, warn	*cuir fainic ar*
dependent on	*i dtuilleamaí*
surge	*borradh*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Ceansaigh – ceansaithe, ceansaíodh
Faigh – faighte, fuarthas
Fulaing – fulaingthe, fulaingíodh
Fógair – fógartha, fógraíodh
Tabhair – tugtha, tugadh
Treisigh – treisithe, treisíodh

Ceist 5
riamh – *ever* san aimsir láithreach agus san aimsir chaite
choíche – *ever* san aimsir fháistineach
go deo – *ever* san aimsir fháistineach
arú inné – *the day before yesterday*
arú amárach – *the day after tomorrow*
seachtain ón lá inniu – *this day week*
coicís is an lá inné – *a fortnight ago yesterday*
lá arna mhárach – *the day after tomorrow*

Ceist 6
Roinn an rang i ngrúpaí agus tabhair deis do gach grúpa na ceisteanna a phlé le chéile.

Siún Nic Gearailt
Tá an rialtas agus na húdaráis sláinte tar éis a rá gur údar imní é an líon mór daoine os cionn seachtó nach bhfuil ag cloí leis na srianta chun an coróinvíreas a cheansú. Tá sé á mheabhrú do dhaoine scothaosta go bhfuil sé riachtanach go bhfanfaidís ag an mbaile, mar go bhfuil baol chomh hard ann go bhfaighidh siad an galar.

Maolra M Mac Donnchadha
De réir na bhfigiúirí oifigiúla is deireanaí tá 103 duine anois in aonaid dianchúraim ospidéil ag fulaingt leis an aicíd. Bíodh is gurb in dhá thríú cuid den líon iomlán leapacha dianchúraim atá ar fáil, táthar ag fógairt nach bhfuil an Córas Sláinte i mbaol báite ná baol air. Agus go bhfuil na hospidéil fós ag glacadh, mar a bhí riamh, le hothair a bhfuil cúnamh éigeandála ag teastáil uathu, nach mbaineann ar chor ar bith leis an víreas.

Idir an dá linn tá Ollamh le Sláinte an Phobail in Ollscoil Bristol i Sasana tar éis a rá go gcaithfidh Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann na polasaithe céanna a chur i bhfeidhm, gach aon taobh den teorainn. As Béal Feirste ó dhúchas é an tOllamh Gabriel Scally, a rinne an fiosrú faoin scannal ailse ceirbheacs, agus dúirt sé tráthnóna gur seafóid é, ar aon oileán amháin, srianta a bheith i bhfeidhm in Aerfort Bhaile Átha Cliath má tá an córas ó thuaidh ag déanamh aithrise ar Londain. Ó labhair sé, tá sé deimhnithe go mbeidh meamram á shíniú, más fíor, roimh dheireadh na seachtaine ag an Rialtas agus ag Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, le comhoibriú agus comheagar idir an dá dhlínse a chinntiú.

Le cúpla nóiméad anuas chomh maith, tá an comhlacht tógála BAM tar éis fógairt go bhfuil clabhsúr á chur láithreach ar an obair ar láthair ospidéal nua na leanaí sa bpríomhchathair, mar gheall ar an víreas coróineach[1]. Deimhníodh inniu don chomhlacht, a deir siad, nach obair riachtanach í agus go gcaithfear srianta nua an rialtais a chomhlíonadh. Bhí ceardchumainn agus an Teachta Dála, Paul Murphy, tar éis a leithéid a éileamh le roinnt laethanta.

Tá sé tugtha le fios ag an Uachtarán ar Chumann Dianchúraim na hÉireann gur an-údar misnigh é nach bhfuil na cásanna den tinneas ag treisiú chomh tréan is atá i dtíortha eile. Ach, chuir an dochtúir Catherine Motherway, fainic freisin ar an bpobal gur géarchéim atá i gceist. Tá 107 duine, a deir sí, i dtuilleamaí meaisín anála, agus tá 26 duine eile in aonaid dianchúraim mar go gcreidtear go bhfuil COVID-19 orthu. Dúirt sí freisin go bhfuil borradh fós romhainn agus nach iad na dochtúirí agus an meitheal eile leighis a bheas in ann an borradh sin a cheansú – faoin bpobal i gcoitinne é sin a deir sí. Fúinne seasamh roimh an [sodar][2] atá ag teacht.

Maolra Mac Donnchadha, Nuacht TG4.

[1] *coróinvíreas* an leagan caighdeánach
[2] Ní léir cén focal Gaeilge a deir sé anseo, sodar a chloistear ach ní bheadh aon chiall leis sa chomhthéacs seo